BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Seachtú Dlísheomra)

16 Feabhra 2023*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhchóras cánach breisluacha – Treoir 2006/112/CE – Tógáil ollionad foirgneamh ag comhlachas gan pearsantacht dhlítheanach – Conradh comhlachais – Díol na n-árasán san ollionad foirgnimh sin ag comhpháirtithe áirithe – Cinneadh an duine inchánaigh atá faoi dhliteanas i leith na cánach – Prionsabal na neodrachta fioscaí – Ceart CBL a asbhaint)

I gCás C-519/21,

Iarraidh ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Curtea de Apel Cluj (an Chúirt Achomhairc, Cluj, an Rómáin), trí bhreith an 28 Meitheamh 2021, a fuarthas ag an gCúirt an 28 Lúnasa 2021, sna himeachtaí idir

ASA

v

DGRFP Cluj,

idiragraithe:

BP,

MB,

tugann AN CHÚIRT (an Seachtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: L. Arastey Sahún (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, F. Biltgen agus J. Passer, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: N. Emiliou,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

* Teanga an cháis: an Rómáinis.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha a cuireadh isteach thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– ASA, ag S. I. Puț, avocat,

– Rialtas na Rómáine, ag E. Gane, A. Rotăreanu agus A. Wellman, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Armenia agus J. Jokubauskaitė, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breithiúnas a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léirmhíniú ar Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1; "an Treoir maidir le CBL") agus le léirmhíniú ar phrionsabail na comhréireachta, na neodrachta fioscaí agus na deimhneachta dlíthiúla.

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir ASA, duine nádúrtha, agus Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Cluj-Napoca (Árd- Stiúrthóireacht Réigiúnach um Airgeadas Poiblí, Cluj-Napoca, an Rómáin) ("an t-údarás cánach") maidir le cáin bhreisluacha (CBL) a ghearradh ar idirbhearta a bhaineann le díol árasán.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

3 De réir an dara mír d'Airteagal 1(2) den Treoir maidir le CBL:

"Beidh CBL, arna ríomh bunaithe ar phraghas na n-earraí nó na seirbhísí de réir an ráta is infheidhme maidir leis na hearraí agus na seirbhísí sin, inmhuirearaithe i leith gach idirbhirt tar éis an méid CBL, arna iompar go díreach de bharr na gcomhpháirteanna costais éagsúla, a asbhaint."

4 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 9(1) den Treoir sin:

"Ciallaíonn 'duine inchánach' aon duine a dhéanann, go neamhspleách, aon ghníomhaíocht eacnamaíoch in aon áit, is cuma cad é cuspóir nó torthaí na gníomhaíochta sin.

Is 'gníomhaíocht eacnamaíoch' í aon ghníomhaíocht de chuid táirgeoirí, trádálaithe nó daoine a sholáthraíonn seirbhísí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí mianadóireachta agus talmhaíochta agus gníomhaíochtaí na ngairmeacha. Measfar go sonrach gur gníomhaíocht eacnamaíoch é saothrú maoine inláimhsithe nó doláimhsithe chun ioncam a fháil uaithi sin ar bhonn leanúnach." [Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 11 den Treoir sin:

"Tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an gcoiste comhairleach um cháin bhreisluacha [...], féadfaidh gach Ballstát aon duine a mheas mar dhuine aonair inchánach atá bunaithe i gcríoch an Bhallstáit sin, atá faoi dhlúthcheangal le chéile trí naisc airgeadais, eacnamaíocha agus eagrúcháin cé go bhfuil siad neamhspleách go dlíthiúil.

Aon Bhallstát a bhaineann feidhm as an rogha dá bhforáiltear sa chéad mhír, féadfaidh siad aon bheart riachtanach a ghlacadh chun imghabháil nó seachaint cánach a chosc trí leas a bhaint as an bhforáil sin."

6 Foráiltear le hAirteagal 12 den Treoir sin don mhéid seo a leanas:

"1. Féadfaidh Ballstáit aon duine a mheas mar dhuine inchánach a dhéanann idirbheart ar bhonn ócáideach i ndáil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 9(1), agus go háirithe ceann amháin de na hidirbhearta seo a leanas:

(a) soláthar foirgnimh nó cuid d'fhoirgneamh agus na talún a bhfuil foirgneamh air, roimh an gcéad áitiú;

(b) soláthar talún foirgníochta.

2. Chun cuspóirí mhír 1(a), ciallóidh 'foirgneamh' aon déanmhas atá daingnithe leis an talamh nó sa talamh.

Féadfaidh Ballstáit na rialacha mionsonraithe a leagan síos chun na critéir dá dtagraítear i mír 1(a) a chur i bhfeidhm ar athchóiriú foirgneamh, agus féadfaidh siad an bhrí leis "an talamh a bhfuil an foirgneamh air" a chinneadh.

Féadfaidh Ballstáit critéir a chur i bhfeidhm cé is moite den chéad áitiú, mar an tréimhse a théann in éag idir dáta críochnaithe an fhoirgnimh agus dáta an chéad soláthair, nó an tréimhse a théann in éag idir dáta an chéad áitithe agus dáta an tsoláthair ina dhiaidh sin, ar an gcuntar nach sáraíonn na tréimhsí sin 5 bliana agus 2 bhliain faoi seach.

3. Chun críocha mhír 1(b), ciallóidh 'talamh foirgníochta' aon talamh neamhfheabhsaithe nó feabhsaithe arna sainmhíniú mar sin ag na Ballstáit."

7 De bhun Airteagal 14(1) den Treoir maidir le CBL:

"Ciallóidh 'soláthar earraí' aistriú an chirt chun maoin inláimhsithe a dhiúscairt mar úinéir."

8 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 62 den Treoir sin:

"Chun críocha na Treorach seo:

1) ciallóidh 'teagmhas inmhuirearaithe' an teagmhas ar dá bhua a chomhlíontar na coinníollacha dlíthiúla is gá chun go mbeidh CBL inmhuirearaithe;

2) beidh CBL 'inmhuirearaithe' nuair a bhíonn an t-údarás cánach i dteideal faoin dlí, ag am áirithe, an cháin a éileamh ón duine inchánach atá faoi dhliteanas i leith an cháin sin a híoc, cé gur féidir tráth na híocaíochta a chur siar".

9 Foráiltear le hAirteagal 63 den Treoir sin:

"Tarlóidh an teagmhas inmhuirearaithe agus beidh CBL inmhuirearaithe nuair a sholáthrófar na hearraí nó na seirbhísí."

10 Foráiltear le hAirteagal 65 den Treoir sin don mhéid seo a leanas:

"I gcás go ndéanfar íocaíocht ar chuntas sula soláthraítear na hearraí nó na seirbhísí, beidh CBL inmhuirearaithe ach an íocaíocht a fháil agus i leith an mhéid a fuarthas."

11 Foráiltear le hAirteagal 73 den Treoir maidir le CBL:

"Maidir le soláthar earraí nó seirbhísí, seachas an soláthar earraí agus seirbhísí sin dá dtagraítear in Airteagail 74 go 77, áireofar leis an méid inchánach gach aon ní a bhfuil i gceist leo comaoin a gheobhaidh an soláthraí nó atá le fáil aige, i gcomaoin soláthair, ón gcustaiméir nó ó thríú páirtí, lena n-áirítear fóirdheontais atá nasctha go díreach le praghas an tsoláthair."

12 Tá an fhoclaíocht in Airteagal 78 den Treoir sin mar a leanas:

"Áireofar ar an méid inchánach na fachtóirí seo a leanas:

a) cánacha, dleachtanna, tobhaigh agus muirir, cé is moite den CBL féin;

b) caiteachais theagmhasacha, ar nós costais choimisiúin, phacáistíochta, iompair agus árachais, arna ngearradh ag an soláthraí ar cheannaitheoir na n-earraí.

Chun críocha phointe (b) den chéad mhír, féadfaidh na Ballstáit féachaint ar chaiteachas a chumhdaítear le comhaontú ar leithligh mar chaiteachas teagmhasach."

13 Foráiltear le hAirteagal 167 den Treoir sin:

"Beidh ceart asbhainte ann tráth a bheidh an cháin in-asbhainte ina cáin inmhuirearaithe."

14 Foráiltear le hAirteagal 168 den Treoir sin don mhéid seo a leanas:

"Sa mhéid go mbaintear leas as na hearraí agus na seirbhísí chun críocha idirbhearta an duine inchánach a ngearrtar cáin orthu, beidh an duine inchánach i dteideal, sa Bhallstát ina ndéanann sé na hidirbhearta sin, na méideanna seo a leanas a bhaint den CBL a bhfuil sé faoi dhliteanas í a íoc:

an CBL atá dlite nó íoctha sa Bhallstát sin i ndáil le soláthairtí earraí nó seirbhísí dó, a dhéanann duine inchánach eile nó a bheidh le déanamh aige;

[…]"

15 Foráiltear le hAirteagal 178 den Treoir maidir le CBL:

"D'fhonn an ceart asbhainte a fheidhmiú, ní foláir go gcomhlíonfaidh an duine inchánach na coinníollacha seo a leanas:

chun críocha asbhaintí de bhun Airteagal 168(a), i dtaca le soláthar earraí nó seirbhísí, ní foláir dó a bheith i seilbh sonraisc arna dhréachtú i gcomhréir le hAirteagail 220 go 236 agus le hAirteagail 238, 239 agus 240;

[...]"

16 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 179 den Treoir sin:

"Déanfaidh an duine inchánach an asbhaint ach an méid iomlán CBL a bhaint den mhéid iomlán CBL atá dlite le haghaidh tréimhse chánach ar leith ar ina leith, le linn na tréimhse céanna, a bhí an ceart asbhainte ann, agus a fheidhmítear i gcomhréir le hAirteagal 178.

D'fhéadfadh na Ballstáit a éileamh, áfach, go bhfeidhmeoidh daoine inchánach a dhéanann idirbhearta ócáideacha, mar a shainítear in Airteagal 12, a gceart asbhainte ag tráth an tsoláthair, agus ag an tráth sin amháin."

17 Foráiltear le hAirteagal 226 den Treoir sin:

"Gan dochar do na forálacha sonracha a leagtar síos sa Treoir seo, ní theastaíonn ach amháin na sonraí seo a leanas chun críocha CBL ar na sonraisc a eisítear de bhun Airteagal 220 agus Airteagal 221:

(1) dáta eisiúna an tsonraisc;

(2) uimhir sheicheamhach, bunaithe ar shraith amháin nó níos mó, lena n-aithnítear an sonrasc go huathúil;

(3) an uimhir aitheantais CBL dá dtagraítear in Airteagal 214 faoinar sholáthair an duine inchánach na hearraí nó na seirbhísí;

(4) uimhir aitheantais CBL an chustaiméara, dá dtagraítear in Airteagal 214, faoina bhfuair an custaiméir soláthar earraí nó seirbhísí ar ina leith atá sé faoi dhliteanas i leith CBL a íoc, nó faoina bhfuair sé soláthar earraí dá dtagraítear in Airteagal 138;

(5) ainm agus seoladh iomlán an duine inchánach agus an chustaiméara;

(6) cainníocht agus cineál na n-earraí a soláthraíodh nó méid agus cineál na seirbhísí a soláthraíodh;

(7) an dáta ar a ndearnadh nó ar críochnaíodh an soláthar earraí nó seirbhísí, nó an dáta ar a ndearnadh an íocaíocht de réir dul chun cinn dá dtagraítear i mír (4) agus mír (5) d'Airteagal 220, sa mhéid agus gur féidir an dáta sin a chinneadh, agus gurb éagsúil é ó dháta eisiúna an tsonraisc;

(8) an méid inchánach in aghaidh an ráta nó na díolúine, an praghas aonaid cé is moite de CBL agus aon lascaine nó lacáiste mura n-áirítear leis an bpraghas aonaid iad;

(9) an ráta CBL a cuireadh i bhfeidhm;

(10) an méid CBL is iníoctha, cé is moite den chás ina gcuirtear socrú speisialta i bhfeidhm, ar faoi sin a bhíonn mionsonra mar sin díolmhaithe, i gcomhréir leis an Treoir seo;

[...]"

Dlí na Rómáine

18 Foráladh mar a leanas le hAirteagal 86(2) go (5) de Legea nr. 571/2003 privind Codul fiscal (Dlí 571/2003 maidir leis an gCód Cánach) (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 927 an 23 Nollaig 2003), sa leagan is infheidhme maidir leis na fíorais sna príomhimeachtaí ("an Cód Cánach"):

"(2) Faoi chuimsiú gach comhlachais gan pearsantacht dhlítheanach arna chruthú i gcomhréir leis an dlí, ceanglaítear ar na comhpháirtithe conarthaí comhlachais i scríbhinn a thabhairt i gcrích, ag tús na gníomhaíochta, ina bhfuil an fhaisnéis seo a leanas go háirithe:

a) na páirtithe conarthacha;

b) cuspóirí agus oifig chláraithe an chomhlachais;

c) ranníocaí na gcomhaltaí trí shócmhainní agus cearta;

d) an céatadán de rannpháirtíocht gach comhalta sna brabúis nó sna caillteanais laistigh de chreat an chomhlachais, atá i gcomhréir le ranníoc gach comhalta;

e) ceapadh an chomhpháirtí a bheidh freagrach as oibleagáidí an chomhlachais i leith údaráis phoiblí a chomhlíonadh;

f) na coinníollacha faoina bhfoirceanntar an comhlachas. Ní mheasfar gur ioncam don chomhlachas iad ranníocaí ó chomhaltaí i gcomhréir leis an gconradh comhlachais. Déanfar an conradh comhlachais a chlárú leis an údarás cánach inniúil laistigh de 15 lá ón dáta a dtabharfar i gcrích é. Beidh sé de cheart ag an údarás cánach clárú conarthaí a dhiúltú i gcás nach bhfuil na sonraí a cheanglaítear faoin mír seo iontu.

(3) I gcás ina bhfuil naisc theaghlaigh ag na comhaltaí comhlachaithe suas go dtí an ceathrú céim, agus an chéim sin san áireamh, ceanglaítear ar na páirtithe a chruthú go bhfuil baint acu leis na brabúis a dhéanamh le maoin nó le cearta atá acu. Féadfar daoine nádúrtha ar deonaíodh acmhainneacht theoranta dóibh a áireamh ar chomhaltaí comhlachaithe freisin.

(4) Ceanglaítear ar chomhlachais dearbhuithe ioncaim bliantúla a chomhdú leis an údarás cánach inniúil, faoin 15 Márta den bhliain dár gcionn ar a dhéanaí, i gcomhréir leis an bhformáid arna bhunú ag an Aireacht Airgeadais Phoiblí, lena n-áireofar freisin dáileadh an ghlanbhrabúis/an ghlanchaillteanais idir na comhpháirtithe.

(5) Déanfar an brabús/caillteanas bliantúil a dhéanfar faoi chuimsiú an chomhlachais a dháileadh ar na comhaltaí i gcomhréir leis an gcéatadán rannpháirtíochta a chomhfhreagraíonn don ranníoc, i gcomhréir leis an gconradh comhlachais."

19 Faoi Airteagal 125[1](1) den Chód Cánach:

"Chun críocha an teidil seo, beidh an bhrí seo a leanas leis na téarmaí agus leis na nathanna seo a leanas:

[...]

18. Tá an bhrí chéanna ag 'duine inchánach' mar a shainmhínítear é in Airteagal 127(1) agus is éard a léirítear leis ná an duine nádúrtha, an grúpa daoine, an institiúid phoiblí, an duine dlítheanach agus aon eintiteas atá in ann gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh;

[...]"

20 Foráiltear le hAirteagal 127(8) agus (9) den Chód sin:

"(8) Faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha a leagtar síos sna rialacha cur chun feidhme, measfar gur duine inchánach amháin é grúpa daoine inchánach atá bunaithe sa Rómáin a bhfuil dlúthchaidreamh eagraíochtúil, airgeadais agus eacnamaíoch acu lena chéile, cé go bhfuil siad neamhspleách go dlíthiúil.

(9) Measfar aon chomhpháirtí nó aon bhall de ghrúpa nó d'eagraíocht nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige mar dhuine inchánach ar leithligh i gcás gníomhaíochtaí eacnamaíocha nach ndéantar thar ceann an ghrúpa nó na heagraíochta atá i gceist."

21 De réir Airteagal 152(1) den Chód sin:

"Is féidir le duine inchánach atá bunaithe sa Rómáin a bhfuil a láimhdeachas bliantúil, arna dhearbhú nó arna bhaint amach, faoi bhun na huasteorann de EUR 35 000, a bhfuil a choibhéis socraithe in RON (leu na Rómáine), ag an ráta malairte arna chur in iúl ag Banca Națională a României [(Banc na Rómáine)] ar dháta an aontachais agus arna shlánú suas go dtí an míle seo a leanas, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ar dhíolúine ó cháin, dá ngairtear 'an scéim díolúine speisialta' anseo feasta, maidir leis na hidirbhearta dá dtagraítear in Airteagal 126(1), cé is moite de sholáthairtí modhanna nua iompair laistigh den Chomhphobal, atá díolmhaithe i gcomhréir le hAirteagal 143(2)(b)."

22 Foráladh mar a leanas le Hotărâra Guvernului Uimh. 44/2004 pentru aprobarea Normelor metodologice de aplicare a Legii nr. 571/2003 privind Codul fiscal (Cinneadh Rialtais Uimh. 44/2004 ag formheas téarmaí chur i bhfeidhm dhlí 571/2003 maidir leis an gcód cánach) (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, uimh. 112 an 6 Feabhra 2004), sa leagan is infheidhme maidir leis na fíorais sna príomhimeachtaí ("Cinneadh Rialtais Uimh. 44/2004" anseo feasta), i mír 4 de, arna eisiúint de bhun fhorálacha Airteagal 127 den Chód Cánach:

"(1) Chun críocha Airteagal 127(8) den Chód Cánach, féadfaidh grúpa daoine inchánach atá bunaithe sa Rómáin, atá neamhspleách go dlíthiúil agus a bhfuil dlúthbhaint acu i dtéarmaí airgeadais, eacnamaíocha agus eagrúcháin, rogha a dhéanamh go gcaithfí leo mar dhuine inchánach aonair, ar a dtugtar grúpa cánach, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

a) ní fhéadfaidh duine inchánach a bheith ach mar chuid de ghrúpa cánach amháin; agus

b) ní mór don rogha tréimhse 2 bhliain ar a laghad a chumhdach; agus

c) ní mór do gach duine inchánach sa ghrúpa an tréimhse chánach chéanna a chur i bhfeidhm;

(2) Féadfaidh idir beirt agus cúigear duine inchánach a bheith sa ghrúpa cánach.

(3) Go dtí an 1 Eanáir 2009, ní fhéadfaidh ach daoine inchánach a meastar gur cáiníocóirí móra iad grúpa cánach a bhunú.

(4) Measfar dlúthnasc a bheith acu i dtéarmaí airgeadais, eacnamaíocha agus eagrúcháin de réir bhrí mhír (1) daoine inchánacha a bhfuil níos mó ná 50% dá gcaipiteal á shealbhú go díreach nó go hindíreach ag na scairshealbhóirí céanna.

(5) Chun an grúpa cánach a bhunú, cuirfear iarratas arna shíniú ag baill uile an ghrúpa faoi bhráid an údaráis cánach inniúil, ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:

a) ainm, seoladh, cuspóir na cuideachta agus uimhir CBL gach comhalta;

b) fianaise go bhfuil dlúthbhaint ag na comhaltaí lena chéile de réir bhrí fho-alt (2);

c) ainm an chomhalta a ceapadh mar ionadaí.

(6) Déanfaidh an t-údarás cánach inniúil cinneadh foirmiúil lena ndéanfar bunú an ghrúpa cánach a fhormheas nó a dhiúltú agus cuirfidh sé an cinneadh sin in iúl d'ionadaí an ghrúpa agus do gach údarás cánach a bhfuil comhaltaí an ghrúpa cánach lonnaithe ina dhlínse, laistigh de 60 lá ón iarraidh dá dtagraítear i mír (5) a fháil.

(7) Tiocfaidh bunú an ghrúpa cánach i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí tar éis dháta an chinnidh dá dtagraítear i mír (6).

[...]"

An nós imeachta sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna arna dtarchur

23 Bhí na comhchuideachtaí ASA agus PP ina gcomhúinéirí talún sa Rómáin.

24 Ag deireadh 2006, thug siad conradh comhlachais gan pearsantacht dhlítheanach i gcrích le BP agus MB, beirt daoine nádúrtha eile, chun ollionad ocht bhfoirgneamh cónaithe ina bhfuil 56 árasán, a bhí beartaithe lena ndíol le tríú páirtithe, a thógáil.

25 Foráladh leis an gconradh comhlachais, go háirithe go n-iompródh BP agus MB, i gcomhpháirt, na costais a bhaineann le tógáil an ollionaid foirgneamh agus, maidir le brabúis, go mbainfeadh ASA agus PP tairbhe as céatadán de 16.67% an ceann, agus de 33% an ceann do BP agus MB.

26 Thairis sin, faoin gconradh comhlachais sin, bhí an dearadh, na ceadanna tógála is gá a fháil agus na doiciméid riaracháin uile is gá, cur i gcrích na bhfoirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta go léir is gá chun na foirgnimh agus na hárasáin a chlárú i gclár talún, agus díol na n-árasán a bhí le tógáil, faoi réir oibleagáidí coiteanna.

27 Ar deireadh, tugadh údarú do MB agus BP araon chun úinéireacht na n-árasán go léir a bhí le tógáil a aistriú in ainm agus thar ceann ASA agus PP.

28 Nuair a tógadh iad, iontráladh na 56 árasán sa chlár talún, ina raibh le feiceáil mar úinéirí nó comhúinéirí na n-árasán, faoi seach, ainmneacha ASA, PP, nó ASA agus PP le thart ar leath an ceann.

29 Le linn na tréimhse ón 13 Bealtaine 2008 go dtí an 28 Samhain 2008, díoladh 53 de na hárasán sin, lena n-áirítear 13 árasán ag ASA amháin, 14 árasán ag PP amháin agus 26 árasán faoi chomhúinéireacht ASA agus PP (díoladh 3 cinn díobh do BP agus MB).

30 Sna conarthaí díolacháin faoi seach a tugadh chun críche, níor aithníodh ach ASA agus PP mar úinéirí na n-earraí agus ní dhearnadh aon tagairt iontu do BP agus MB. Ina theannta sin, ní raibh aon tagairt sna conarthaí sin do CBL ná don chonradh comhlachais a tugadh i gcrích.

31 Tar éis iniúchadh cánach a dhéanamh, d'eisigh an t-údarás cánach fógra measúnachta cánach i gcoinne ASA an 26 Deireadh Fómhair 2011 inar dearbhaíodh go raibh ASA faoi dhliteanas i leith íocaíocht 537 287 Lei Rómánach (RON) (tuairim agus EUR 109 000) i ndáil le CBL agus 482 269 Lei Rómánach (RON) (tuairim agus EUR 98 000) i ndáil le hús agus pionóis ar íocaíocht dhéanach.

32 Bhí an t-údarás cánach den tuairim go ndearna ASA, ina aonar nó i gcomhpháirt le PP, gníomhaíocht eacnamaíoch d'fhonn ioncam a fháil uaidh sin, go háirithe gurbh idirbhearta faoi réir CBL a bhí sna díolacháin a rinneadh le linn na gníomhaíochta sin agus, dá bhrí sin, go raibh sí laistigh de chatagóir na ndaoine inchánach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ina theannta sin, ós rud é gur sháraigh an tsuim a fuair ASA agus PP le linn na ndíolachán atá i gceist an uasteorainn díolúine CBL a leagtar síos in Airteagal 152(1) den Chód Cánach, ba chóir do ASA agus PP a bheith aitheanta, acu féin, chun críocha CBL an 1 Iúil 2008. Dá bhrí sin, chinn an t-údarás cánach go raibh ASA faoi dhliteanas CBL is infheidhme maidir leis na díolacháin sin a íoc tar éis an dáta sin.

33 D'fhonn teacht ar na conclúidí sin, bhí an t-údarás cánach ag brath ar chonradh comhlachais, nár cláraíodh go foirmiúil agus nár cuireadh faoina bhráid go dtí tús an iniúchta cánach.

34 Dhiúltaigh an t-údarás cánach gearán ASA i gcoinne an mheasúnaithe cánach sin in 2012.

35 Thug ASA caingean ag an gcéad chéim os comhair Curtea de Apel Cluj (an Chúirt Achomhairc, Cluj, an Rómáin), an chúirt a rinne an tarchur, ag lorg, go príomha, neamhniú an chinnidh lenar diúltaíodh don agóid agus don mheasúnú cánach. Le linn 2014, i gcomhthéacs na díospóide sin, d'iarr sé BP agus MB a uamadh leis an gcás, ionas, i gcás nach n-éireodh léi, go mbeadh orthusan suim a íoc arb ionann í agus dhá thrian den éileamh cánach a fhorchuireadh air a íoc leis an measúnú cánach.

36 Le breithiúnas an 28 Eanáir 2016, sheas an chúirt sin le caingean ASA go páirteach, agus neamhnigh sí go páirteach an cinneadh lenar diúltaíodh don agóid, don mheasúnú cánach agus don tuarascáil iniúchta cánach a bhaineann leis sin, mar gheall ar an modh chun CBL agus costais choimhdeacha a ríomh.

37 Le breithiúnas a tugadh in 2016, sheas an Înalta Curte de Casație și Justiție (Ard-Chúirt um Achomharc agus um Cheartas, an Rómáin) leis na hachomhairc a rinne ASA agus an t-údarás cánach i gcoinne an bhreithiúnais sin an 28 Eanáir 2016 agus chuir sé an cás ar ais chuig an gcúirt a rinne an tarchur lena athbhreithniú.

38 Le breithiúnas an 14 Márta 2019, sheas an chúirt a rinne an tarchur go páirteach leis an gcaingean a thug ASA i gcoinne an údaráis cánach, lenar neamhnaíodh go páirteach an cinneadh lenar diúltaíodh an agóid, don mheasúnú cánach agus don tuarascáil maidir le hiniúchadh cánach a bhaineann leis, agus é den tuairim go raibh CBL san áireamh sa phraghas a comhaontaíodh i gcomhthéacs na n-idirbheart a rinneadh le ASA cheana féin.

39 Rinne ASA agus an t-údarás cánach achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin.

40 Le breithiúnas an 23 Iúil 2020, chuir an Înalta Curte de Casație și Justiție (Ard-Chúirt um Achomharc agus um Cheartas, an Rómáin) an breithiúnas sin ar neamhní agus chuir sí an cás ar aghaidh arís lena athbhreithniú chuig an gcúirt a rinne an tarchur.

41 I ndáil leis sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur ar dtús, i gcomhthéacs na díospóide sna príomhimeachtaí, go bhfuil feidhm *res judicata* ag an measúnú ar dá réir, ar an gcéad dul síos, a bhfuil ASA faoi chatagóir duine inchánach agus, ar an dara dul síos, arb ionann an ghníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanann sé, ina aonar nó i gcomhar le PP, agus idirbheart atá faoi réir CBL.

42 Sa chomhthéacs sin, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach, ar an gcéad dul síos, an daoine inchánacha iad BP agus MB freisin maidir le hidirbhearta díolacháin na n-árasán atá i gceist sna príomhimeachtaí.

43 Tugann an chúirt sin dá haire nach raibh ach ASA agus PP rannpháirteach san imeacht inmhuirearaithe do CBL trí bhíthin díolachán, sholáthar na n-earraí agus bhailiú an phraghais. Ina theannta sin, luaitear ann go raibh rannpháirtíocht BP agus MB riachtanach chun na hocht bhfoirgneamh a thógáil agus, dá bhrí sin, don ghníomhaíocht eacnamaíoch ann féin.

44 I ndáil leis sin, measann an chúirt sin, ós rud é gur chuir an t-údarás cánach an conradh comhlachais san áireamh chun údar a thabhairt le cánachas a fhorchur ar ASA, nach bhféadfadh sé a éileamh nach raibh sé ar an eolas faoi fhorálacha an chonartha sin ar an bhforas nár cláraíodh é chun críoch cánach roimh thús na gníomhaíochta eacnamaíche agus nár chomhlíon an conradh sin na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 86(2) den Chód Cánach. Ina theannta sin, d'fhéadfaí a mheas, i bhfianaise bhreithiúnas an 9 Aibreán 2013, an Coimisiún v Éire (C-85/11, EU:C:2013:217), nár cheart do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 11 den Treoir maidir le CBL an sainmhíniú ar dhuine inchánach in Airteagal 9(1) den treoir sin a shásamh ina n-aonar, ós rud é gur chosúil go gcuireann an gaol idir an dá fhoráil sin ar chumas daoine a ghlactar le chéile, a bhfuil dlúthbhaint acu lena chéile i dtéarmaí airgeadais, eacnamaíocha agus eagrúcháin, an sainmhíniú sin a chomhlíonadh go carnach. Is é sin le rá, d'fhéadfadh staid chánach nach bhfuil fíor a bheith mar thoradh ar mhainneachtain an conradh comhlachais a chur san áireamh. Dá réir sin, i bhfianaise bhreithiúnais an 15 Iúil 2010, Pannon Gép Centrum (C-368/09, EU:C:2010:441, point 43), agus an 8 Bealtaine 2013, Petroma Transports agus páirtithe eile (C-271/12, EU:C:2013:297, mír 34), ba cheart gurb í an cheist chinntitheach atá le cinneadh ná cibé an raibh eolas ag an riarachán cánach ar an gconradh comhlachais seo sular eisíodh an measúnú cánach.

45 Ar an dara dul síos, ardaíonn an chúirt a rinne an tarchur an cheist maidir le raon feidhme an chirt asbhainte nach mór do dhuine atá i staid ASA tairbhe a bhaint as. Sa chéad chás, tá an chúirt sin den tuairim, ar bhonn chásdlí na Cúirte, nárbh fhéidir diúltú do ASA i leith a chirt chun CBL a asbhaint maidir leis an ualach CBL ar idirbhearta infheistíochta a dhéantar chun críocha ghníomhaíocht an chomhlachais, lena n-áirítear an CBL a chomhfhreagraíonn do na sonraisc arna dtarraingt suas in ainm BP, MB agus PP ar an bhforas aonair nach raibh ASA faoi dhliteanas

agus nár íoc sé CBL ar ionchur go pearsanta i leith earraí agus seirbhísí a úsáideadh i dtaca leis na hidirbhearta atá i gceist sna príomhimeachtaí. Mar sin féin, measann an chúirt sin, maidir leis an CBL ar ionchur arna íoc ag PP, go bhféadfaí diúltú do cheart ASA chun CBL a asbhaint ar an bhforas go raibh PP féin faoi réir cánach, agus gurb é sin an fáth gur cheart go mbeadh an ceart deonaithe di chun an CBL ar ionchur a d'íoc sí a asbhaint.

46 Sa dara cás, tá an chúirt a rinne an tarchur ag brath ar bhreithiúnas an 21 Samhain 2018, Vădan (C-664/16, EU:C:2018:933, mír 44), lenar chinn an Chúirt go gceanglaítear ar an duine inchánach fianaise oibiachtúil a sholáthar gur sholáthair daoine inchánach earraí agus seirbhísí dó chun críocha a idirbheart féin a bhí faoi réir CBL agus ar íoc sé CBL ina leith. Dá bhrí sin, níl ASA in ann CBL a asbhaint ó na sonraisc arna dtarraingt suas mar ionchur in ainm PP, ós rud é gur agair PP féin an ceart asbhainte agus nach féidir an ceart sin a fheidhmiú faoi dhó. Maidir leis an CBL a chomhfhreagraíonn do na sonraisc arna dtarraingt suas in ainm BP agus MB, glacann an chúirt sin leis nach bhféadfadh ASA an CBL a asbhaint ach oiread, ós rud é nár íoc ASA CBL ionchuir agus nach daoine inchánach iad BP agus MB.

47 Ar an tríú dul síos, cuireann an chúirt a rinne an tarchur amhras in iúl maidir leis an bhféidearthacht do ASA BP agus MB a uamadh leis an gcás ionas go mbeadh orthu an CBL a íoc, i gcomhréir lena gcearta i leith na mbrabús dá bhforáiltear sa chonradh comhlachais. Tugann sé faoi deara go bhféadfadh sé go mbeadh sé d'éifeacht ag uamadh den sórt sin, a luaithe a gcinnfear go bhfuil bonn maith leis, an measúnú cánach a leasú agus, dá bhrí sin, go mbainfí na cearta a thugtar de BP agus MB le Codul de procedură fiscală (Cód Nós Imeachta Cánach) i gcás ina ngníomhódh na húdaráis chánach go díreach ina gcoinne.

48 Sna himthosca sin, chinn an Curtea de Apel Cluj (cour d'appel de Cluj, an Rómáin) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú:

"1) An féidir an Treoir [maidir le CBL], go ginearálta agus go sonrach Airteagail 9, 12, 14, 62, 63, 65, 73 [agus] 78 di, i gcomhthéacs sonrach amhail an méid sin sna príomhimeachtaí, a léiriú, maidir le hidirghabháil an teagmhais inmhuirearaithe i gcás idirbhearta inchánach a bhaineann le soláthar maoine dochorraithe agus maidir leis an modh trína bhfoirmítear an méid inchánach ábhartha, sa chiall go bhfuil daoine nádúrtha is páirtithe i gconradh comhlachais gan pearsantacht dhlítheanach nach raibh cláraithe leis na húdaráis chánach roimh thús na gníomhaíochta ach a bhí tíolactha dóibh sular glacadh na bearta cánach riaracháin, cáilithe mar dhaoine inchánach chomh maith in éineacht leis an duine inchánach a gceanglaítear air an cháin a íoc ar idirbhearta aschuir, cáin ba cheart a bheith bailithe aige?

2) An féidir an Treoir [maidir le CBL], go ginearálta agus go sonrach Airteagail 167, 168(a), 178(a) [agus] 179 de, mar aon le prionsabail na comhréireachta agus na neodrachta, a léiriú i gcomhthéacs sonrach amhail an méid sin sna príomhimeachtaí, sa chiall seo a leanas:
   (a) gur ghá an fhéidearthacht go ndeonófaí an ceart chun asbhaint a aithint do dhuine inchánach i gcás nach raibh sé faoi dhliteanas nó nár íoc sé CBL ionchuir go pearsanta ar earraí agus seirbhísí a úsáideadh i gcomhthéacs na n-idirbheart atá faoi réir cánach, agus an CBL a bheith dlite/íoctha mar ionchur ag daoine nádúrtha nach bhfuil a stádas mar dhaoine inchánach bunaithe ach atá ina bpáirtithe i gconradh comhlachais gan pearsantacht dhlítheanach nach raibh cláraithe leis na húdaráis chánach roimh thosach na gníomhaíochta in éineacht leis an duine inchánach a gceanglaítear air an cháin a íoc ar idirbhearta aschuir, cáin ba cheart a bheith bailithe aige? [;]

(b) gur ghá an fhéidearthacht go ndeonófaí an ceart chun asbhaint a aithint do dhuine inchánach, i gcomhthéacs sonrach amhail sin sna príomhimeachtaí, i gcás nach raibh sé faoi dhliteanas nó nár íoc sé CBL ionchuir go pearsanta ar earraí agus seirbhísí a úsáideadh i gcomhthéacs na n-idirbheart atá faoi réir cánach, agus an CBL a bheith dlite/íoctha mar ionchur ag daoine nádúrtha a bhfuil a stádas mar dhaoine inchánach bunaithe ach atá ina bpáirtithe i gconradh comhlachais gan pearsantacht dhlítheanach nach raibh cláraithe leis na húdaráis chánach roimh thosach na gníomhaíochta in éineacht leis an duine inchánach atá ag iarraidh a cheart asbhainte a fheidhmiú chomh maith nó a bhí in ann é a fheidhmiú, agus iad sin faoi oibleagáid an cháin a íoc ar idirbhearta aschuir, cáin ba cheart a bheith bailithe aige[?]

3) I gcás freagra diúltach agus/nó i bhfianaise phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla: an bhfuil éilimh ag an duine inchánach ar ceanglaíodh air CBL agus na costais ghaolmhara a íoc inghlactha in aghaidh daoine nádúrtha nach bhfuil a stádas mar dhaoine inchánach bunaithe agus atá ina bpáirtithe i gconradh comhlachais gan pearsantacht dhlítheanach nach raibh cláraithe leis na húdaráis chánach roimh thús na gníomhaíochta in éineacht leis an duine inchánach a bhfuil sé de cheangal air an cháin aschuir ba cheart a bheith bailithe aige a íoc, i méid atá thart ar an gcéatadán atá dlite do na daoine sin i roinnt na mbrabús i gcomhréir leis an gconradh comhlachais, i bhfianaise na n-oibleagáidí chun CBL a íoc agus na gcostas gaolmhar arna dtabhú ag an duine inchánach?"

An t-iarratas go gcuirfear an nós imeachta brostaithe i bhfeidhm

49 D'iarr an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt go ndéileálfaí leis an gcás faoin nós imeachta brostaithe dá bhforáiltear in Airteagal 105(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte. Mar thaca lena hiarratas, tugann an chúirt sin dá haire go bhfuil an díospóid sna príomhimeachtaí ar feitheamh os comhair na gcúirteanna náisiúnta ón 2 Iúil 2012.

50 Foráiltear le hAirteagal 105(1) de na Rialacha Nós Imeachta go bhféadfaidh Uachtarán na Cúirte, ar iarratas ón gcúirt a rinne an tarchur, go heisceachtúil, uaidh féin, go bhféadfaidh Uachtarán na Cúirte a chinneadh, i gcás go n-éilíonn nádúr an cháis go ndéileálfar leis laistigh d'achar gearr ama, agus, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, go gcuirfear nós imeachta brostaithe i bhfeidhm maidir le tarchur chun réamhrialú.

51 Is ceart a choinneáil i gcuimhne gur ionstraim nós imeachta é nós imeachta brostaithe den sórt sin atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar ábhair a bhfuil práinn eisceachtúil ag baint leo (breithiúnas an 16 Meitheamh 2022, Port de Bruxelles et Région de Bruxelles-Capitale, C-229/21, EU:C:2022:471, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Dá bhrí sin, ar thaobh amháin, cé go gceanglaítear ar an gcúirt a rinne an tarchur gach iarracht a dhéanamh chun réiteach tapa ar an gcás a áirithiú sna príomhimeachtaí, ní leor an méid sin ann féin chun údar a thabhairt le dul ar iontaobh nós imeachta brostaithe de bhun Airteagal 105(1) de na Rialacha Nós Imeachta (breithiúnas an 14 Iúil 2022, CC (Ionad gnáthchónaithe an linbh a aistriú chuig tríú Stát), C-572/21, EU:C:2022:562, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).

53 Ar an taobh eile, ní dócha gurb ionann an éiginnteacht a dhéanann difear do na páirtithe agus a leas, cé gur leas dlisteanach é, eolas a fháil a luaithe is gur féidir ar raon feidhme na gceart a thugtar dóibh le dlí an Aontais, i bhfianaise chineál maolaitheach an nós imeachta brostaithe,

agus imthosca eisceachtúla ar dóigh dó údar maith a thabhairt le húsáid nós imeachta den sórt sin (féach, chuige sin, ordú Uachtarán na Cúirte an 19 Meán Fómhair 2017, Magamadov, C-438/17, nár foilsíodh, EU:C:2017:723, mír 21 agus an cásdlí dá dtagraítear).

54 Sa chás seo, le cinneadh an 4 Samhain 2021, dhiúltaigh Uachtarán na Cúirte, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, don iarraidh go ndéileálfaí leis an gcás reatha faoin nós imeachta brostaithe.

55 Maidir le leas daoine aonair, cé go bhfuil sé fíorthábhachtach agus dlisteanach, go gcinnfí raon feidhme na gceart a fhaigheann siad ó dhlí an Aontais a luaithe is gur féidir, ní thugtar le tuiscint dá réir sin go bhfuil gá le próiseáil an cháis sna príomhimeachtaí laistigh d'achar gearr ama de réir bhrí Airteagal 105(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

Na ceisteanna a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú

Réamhbharúlacha

56 Mar réamhphointe, is gá a chinneadh an gcaithfear, ó thaobh CBL de, déileáil leis na hidirbhearta éagsúla a bhaineann le tógáil ollionad foirgneamh agus díol árasán arna dtógáil ar bhonn conartha comhlachais mar idirbhearta inchánach ar leithligh nó mar idirbhearta aonair, atá comhdhéanta de ghnéithe éagsúla.

57 I ndáil leis sin, is léir ó chásdlí na Cúirte, i gcás ina bhfuil beart eilimintí agus gníomhartha i gceist le hidirbheart, nach mór na himthosca go léir ina ndéantar é a chur san áireamh chun a chinneadh an eascraíonn, chun críocha CBL, dhá sheirbhís ar leithligh nó níos mó nó seirbhís aonair as an idirbheart sin (breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2019, KPC Herning, C-71/18, EU:C:2019:660, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Chinn an Chúirt freisin, ar an gcéad dul síos, go leanann sé as an dara fomhír d'Airteagal 1(2) den Treoir maidir le CBL nach mór gach idirbheart a mheas de ghnáth mar idirbheart atá leithleach agus neamhspleách agus, ar an dara dul síos, nár cheart idirbheart, arb é atá ann seirbhís aonair eacnamaíoch, a dheighilt go saorga ionas nach ndéanfar saobhadh ar fheidhmiú an chórais CBL (breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2019, KPC Herning, C-71/18, EU:C:2019:660, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

59 Dá réir sin, in imthosca áirithe, ní mór roinnt seirbhísí atá leithleach go foirmiúil, a d'fhéadfaí a sholáthar ar leithligh agus a bhféadfadh cánachas nó díolúine a bheith mar thorthaí ar leithligh orthu, a mheas mar idirbheart aonair i gcás nach bhfuil siad neamhspleách (breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2019, KPC Herning, C-71/18, EU:C:2019:660, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Ní mór seirbhís a mheas mar sheirbhís aonair i gcás ina bhfuil dhá eilimint nó dhá ghníomh nó níos mó arna soláthar ag an duine inchánach atá chomh dlúth sin go bhfuil siad, go hoibiachtúil, mar sheirbhís eacnamaíoch doroinnte aonair, a mbeadh a deighilt de chineál saorga. Is amhlaidh an cás freisin nuair atá seirbhís amháin nó níos mó ina príomhsheirbhís agus gurb ionann an tseirbhís nó na seirbhísí eile agus seirbhís choimhdeach amháin nó níos mó lena chomhroinntear an chaoi a ndéileáiltear le cáin ar an bpríomhsheirbhís. Go háirithe, ní mór a mheas go bhfuil seirbhís ina seirbhís choimhdeach le príomhsheirbhís i gcás nach ionann í agus críoch ann féin dá

custaiméirí, ach bealach chun tairbhe níos fearr a bhaint as an bpríomhsheirbhís a sholáthraíonn an soláthraí seirbhíse (breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2019, KPC Herning, C-71/18, EU:C:2019:660, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

61 Mar sin féin, níl aon riail iomlán ann maidir le raon feidhme seirbhíse a chinneadh ó thaobh CBL de agus is gá, dá bhrí sin, chun raon feidhme na seirbhíse a chinneadh, na himthosca uile ina dtarlaíonn an t-idirbheart i dtrácht a chur san áireamh (breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2019, KPC Herning, C-71/18, EU:C:2019:660, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

62 I gcomhthéacs an chomhair arna bhunú faoi Airteagal 267 CFAE, chun a chinneadh an ionann idirbheart tráchtála agus roinnt seirbhísí neamhspleácha nó seirbhís aonair chun críocha CBL, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé saintréithe an idirbhirt lena mbaineann a shainaithint, agus í ag cur san áireamh chuspóir eacnamaíoch an idirbhirt seo agus leasanna a fhaighteoirí chomh maith le gach measúnú cinntitheach a dhéanamh ar na fíorais maidir leis seo (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2018, Volkswagen Financial Services (UK), C-153/17, EU:C:2018:845, míreanna 32 agus 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

63 Sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir gurb é a bhí san idirbheart atá i gceist sna príomhimeachtaí ná tógáil ollionad foirgneamh cónaithe chun críocha na hárasáin a tógadh a dhíol le tríú páirtithe.

64 Ar an gcéad dul síos, is léir ón gcomhad os comhair na Cúirte gur ghlac ASA agus PP páirt san idirbheart sin trí thalamh ar leo é a sholáthar, de thart ar leath an ceann, cé gur sholáthair BP agus MP trealamh foirgníochta agus gur chumhdaigh siad an caiteachas a bhaineann le tógáil an ollionaid sin, thart ar leath an ceann chomh maith, lena n-áirítear an caiteachas a tabhaíodh chun na doiciméid riaracháin is gá a fháil. Dá bhrí sin, bhí sonraisc ag BP agus MB a dréachtaíodh ina n-ainm le haghaidh na n-earraí agus na seirbhísí a fuarthas d'fhonn an t-ollionad atá i gceist sna príomhimeachtaí a thógáil.

65 Ar an dara dul síos, ní mór cur i bhfios go láidir, i gcomhréir leis an gconradh comhlachais, gur chuid de chomhoibleagáidí na bpáirtithe conarthacha a bhí i ndíol na maoine dochorraithe a tógadh. Mar is léir freisin ón gcomhad os comhair na Cúirte, sa chéad áit, faoi na conarthaí díolacháin a tugadh i gcrích le gníomhartha nótaireachta, ba iad ASA agus PP úinéirí na maoine dochorraithe atá i gceist sna príomhimeachtaí, gan aon tagairt a bheith déanta, sna conarthaí, do BP agus MB nó don chonradh comhlachais. Sa dara háit, ghníomhaigh BP agus BB ar bhonn sainordú lenarbh fhéidir leo an ceart úinéireachta a bhí ag ASA agus PP sna hárasáin atá i gceist a aistriú, in ainm agus thar ceann ASA agus PP, chuig daoine dá rogha féin agus ar an bpraghas a comhaontaíodh leis an gceannaitheoir.

66 Sa mhéid is gur chosúil go bhfuil na hidirbhearta a bhaineann, ar thaobh amháin, le tógáil an ollionaid foirgneamh atá i gceist sna príomhimeachtaí agus, ar an taobh eile, le maoin dhochorraithe a dhíol, de chineál leithleach, agus saintréith eacnamaíoch ar leith ag gach ceann acu a bhaineann go sonrach leis agus nach féidir a mheas go bhfuil ceann acu ina phríomhghníomhaíocht – ná gníomhaíocht choimhdeach – don idirbheart eile, ní mór déileáil leo mar idirbhearta inchánach ar leithligh, agus is faoin gcúirt a rinne an tarchur é sin a dheimhniú, mar sin féin, i bhfianaise imthosca fíorasacha na bpríomhimeachtaí.

An chéad cheist

67 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 9 agus Airteagal 11 den Treoir maidir le CBL a léiriú ar chaoi a gciallaíonn nach mór na páirtithe i gconradh comhlachais gan pearsantacht dhlítheanach, nach bhfuil cláraithe leis an údarás cánach inniúil roimh thús na gníomhaíochta eacnamaíche lena mbaineann, a mheas mar "dhaoine inchánach" in éineacht leis an duine inchánach a gceanglaítear orthu an cháin a íoc ar an idirbheart inchánach.

68 Ar an gcéad dul síos, maidir le hAirteagal 9(1) den Treoir sin, is ceart a choinneáil i gcuimhne go sainmhínítear san fhoráil sin an coincheap "duine inchánach" mar "aon duine a dhéanann aon ghníomhaíocht eacnamaíoch go neamhspleách in aon áit, cibé cuspóir nó toradh a bhaineann leis an ngníomhaíocht sin".

69 De réir chásdlí socair na Cúirte, tugann na téarmaí a úsáidtear in Airteagal 9 de Threoir maidir le CBL, go háirithe an téarma "aon duine", sainmhíniú leathan ar "dhuine inchánach" lena ndírítear ar neamhspleáchas i bhfeidhmiú gníomhaíochta eacnamaíche, sa chiall is nach mór gach duine, idir dhaoine nádúrtha agus dlíthiúla, idir dhaoine poiblí agus príobháideacha, agus eintitis nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu, a chomhlíonann na critéir a leagtar amach san fhoráil sin go hoibiachtúil, a mheas mar dhaoine inchánach chun críocha CBL (breithiúnas an 16 Meán Fómhair 2020, *Valstybinė mokesčių inspekcija* (Conradh comhghníomhaíochta), C-312/19, EU:C:2020:711, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

70 D'fhonn a chinneadh cé hiad na daoine, in imthosca amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí, nach mór a mheas mar "dhuine inchánach" chun críocha CBL i ndáil leis na soláthairtí atá i gceist, is gá a fháil amach cé a rinne, go neamhspleách, an ghníomhaíocht eacnamaíoch atá i gceist. Baineann critéar an neamhspleáchais leis an gceist maidir leis an idirbheart lena mbaineann a nascadh le duine sonrach nó le heintiteas sonrach, agus é á áirithiú ag an am céanna gur féidir leis an gceannaitheoir aon cheart asbhainte a fheidhmiú ar bhealach a bhfuil cinnteacht dlí ag gabháil leis (breithiúnas an 16 Meán Fómhair 2020, Valstybinė mokesčių inspekcija (Conradh comhghníomhaíochta), C-312/19, EU:C:2020:711, mír 40).

71 Chuige sin, is gá a fháil amach an bhfuil an duine lena mbaineann ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch ina ainm féin, thar a cheann féin, agus faoina fhreagracht féin, agus an iompraíonn sí an riosca eacnamaíoch a bhaineann le feidhmiú na ngníomhaíochtaí sin (breithiúnas an 16 Meán Fómhair 2020, Valstybinė mokesčių inspekcija (Conradh comhghníomhaíochta), C-312/19, EU:C:2020:711, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

72 Sa chás seo, ar deireadh thiar, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé, a bhfuil an dlínse aici amháin chun na fíorais a mheasúnú, a chinneadh, i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 56 go 60 den bhreithiúnas seo, a mheas an bhfuil BP agus MP ag gabháil "go neamhspleách" do ghníomhaíocht eacnamaíoch i bhfianaise an chonartha comhlachais atá i gceist sna príomhimeachtaí.

73 Mar sin féin, tá dlínse ag an gCúirt, a n-iarrtar uirthi freagraí úsáideacha a chur ar fáil don chúirt a rinne an tarchur, chun treoir a chur ar fáil, bunaithe ar an gcomhad sa chás sna príomhimeachtaí atá i gceist agus ar na barúlacha i scríbhinn a chuirtear faoina bráid, amhail a chur ar chumas na cúirte sin breithiúnas a thabhairt sa díospóid shonrach atá os a comhair (féach, *mutatis mutandis*, breithiúnas an 17 Nollaig 2020, WEG Tevesstraße, C-449/19, EU:C:2020:1038, mír 31).

74 Maidir leis an idirbheart inchánach atá i gceist sna príomhimeachtaí, eadhon soláthar na maoine dochorraithe, is fíor, mar a thugtar faoi deara i mír 65 thuas, go raibh díol na n-árasán arna dtógáil mar chuid d'oibleagáidí coiteanna na bpáirtithe conarthacha faoin gconradh comhlachais.

75 Ar an gcéad dul síos, áfach, is léir ón ordú tarchuir gur foráladh sna conarthaí díolacháin a tugadh i gcrích le gníomhartha nótaireachta, go raibh sé beartaithe go mbeadh tairbhe an díola mar chuid de shócmhainní ASA agus PP mar úinéirí na maoine dochorraithe atá i gceist sna príomhimeachtaí, gan aon tagairt a bheith déanta sna conarthaí sin do BP agus MB ná don chonradh comhlachais.

76 Ar an dara dul síos, cé, mar is léir ón ordú tarchuir, gur ghníomhaigh BP agus MB ar bhonn sainordú lenar cuireadh ar a gcumas aistriú a dhéanamh, in ainm agus thar ceann ASA agus PP, chuig daoine dá rogha féin agus ar an bpraghas a comhaontaíodh leis an gceannaitheoir, ar an gceart úinéireachta a bhí ag ASA agus PP, is amhlaidh fós go raibh éifeachtaí dlíthiúla na gconarthaí díolacháin arna dtabhairt i gcrích ag ceann de na gníomhairí le tríú páirtí ag baint le ASA agus PP amháin, ós rud é go ndearnadh an mhaoin dhochorraithe a sholáthar ar bhonn na gconarthaí díolacháin amháin agus ní ar bhonn na ngealltanas díolacháin arna ndéanamh ag MB ina ainm féin mar ghníomhaire ASA agus PP.

77 Dá bhrí sin, ní féidir a mheas, maidir le soláthar maoine dochorraithe, go ndearna BP agus MB gníomhaíocht eacnamaíoch go neamhspleách i gcomhréir le hAirteagal 9(1) den Treoir maidir le CBL, agus mar thoradh air sin, níl stádas "duine inchánach" acu de réir bhrí na forála sin.

78 Sa dara háit, is gá a fháil amach an gá na páirtithe i gconradh comhlachais amhail an conradh atá i gceist sna príomhimeachtaí a mheas mar dhuine inchánach aonair de réir bhrí Airteagal 11 den Treoir maidir le CBL.

79 I ndáil leis sin, foráiltear sa chéad mhír d'Airteagal 11 den Treoir maidir le CBL go bhféadfaidh gach Ballstát aon duine a mheas mar dhuine aonair inchánach atá bunaithe i gcríoch an Bhallstáit sin, atá faoi dhlúthcheangal le chéile trí naisc airgeadais, eacnamaíocha agus eagrúcháin cé go bhfuil siad neamhspleách go dlíthiúil, agus sonraítear ann, sa dara fomhír, go bhféadfaidh Ballstát a bhaineann feidhm as an rogha sin aon bheart riachtanach a ghlacadh chun imghabháil nó seachaint cánach a chosc trí leas a bhaint as an bhforáil sin..

80 Leis an bhforáil sin, bhí sé beartaithe ag reachtas an Aontais a cheadú do na Ballstáit gan stádas an duine inchánach a nascadh go córasach le coincheap an "neamhspleáchais" dhlíthiúil amháin, ar mhaithe le simpliú riaracháin nó chun cosc a chur ar mhí-úsáidí áirithe amhail, mar shampla, gnóthas a dheighilt idir roinnt daoine inchánach chun tairbhe a bhaint as scéim speisialta (breithiúnas an 15 Aibreán 2021, Finanzamt *für* Körperschaften Berlin, C-868/19, nár foilsíodh, EU:C:2021:285, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

81 I gcás go bhfuiltear ag déileáil le daoine mar dhuine inchánach aonair faoin gcéad mhír d'Airteagal 11 den Treoir maidir le CBL, eisiatar uaidh sin daoine a bhfuil dlúthcheangal acu leanúint de thuairisceáin CBL a chur isteach ar leithligh agus leanúint dá sainaithint, laistigh dá ngrúpa agus lasmuigh de, mar dhaoine inchánach, ós rud é nach bhfuil ach an duine inchánach aonair i dteideal na tuairisceáin sin a dhéanamh (breithiúnas an 15 Aibreán 2021, *Finanzamt für* Körperschaften Berlin, C-868/19, nár foilsíodh, EU:C:2021:285, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

82 Sa chás seo, áitíonn Rialtas na Rómáine nár bhain an reachtas náisiúnta feidhm as an rogha a thairgtear do na Ballstáit le hAirteagal 11 den Treoir maidir le CBL, ar bhealach nach bhfuil feidhm ag an bhforáil sin maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí. Ó thaobh an Choimisiúin de, tugann sé le fios nach raibh an fhéidearthacht ann, faoi dhlí na Rómáine, go dtí an 1 Eanáir 2009, grúpa dá dtagraítear san fhoráil sin a bhunú ach do cháiníocóirí móra, agus dá bhrí sin, eisiadh daoine nádúrtha amhail na páirtithe sa chonradh comhlachais atá i gceist sna príomhimeachtaí.

83 Is ceart a choinneáil i gcuimhne, ós rud é nach bhfuil dlínse ag an gCúirt an dlí náisiúnta a léiriú, gur faoin gcúirt a rinne an tarchur amháin atá sé a chinneadh an leanann sé as foclaíocht Airteagal 125[1](18) agus Airteagal 127(8) den Chód Cánach agus de Chinneadh Uimh. 44/2004 ón Rialtas gur bhain reachtas na Rómáine úsáid as an rogha sin agus go bhféadfadh sé, tráth na bhfíoras sna príomhimeachtaí, a bheith infheidhme maidir leis na páirtithe sa chonradh comhlachais lena mbaineann.

84 Fiú dá mba amhlaidh an cás, tá sé tábhachtach don Chúirt, d'fhonn freagra úsáideach a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur, faisnéis a chur ar fáil di lena gcuirfí ar a cumas measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na reachtaíochta náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí le prionsabail na comhréireachta agus na neodrachta fioscaí.

85 Is léir ó chásdlí na Cúirte go bhféadfaidh na Ballstáit, agus a lánrogha á feidhmiú acu, cur i bhfeidhm na scéime dá bhforáiltear in Airteagal 11 den Treoir maidir le CBL a chur faoi réir srianta áirithe, ar choinníoll go bhfuil siad mar chuid de chuspóirí na treorach sin atá dírithe ar chleachtais mhí-úsáideacha a chosc nó ar imghabháil nó seachaint cánach a chomhrac, agus go gcomhlíontar dlí an Aontais agus a phrionsabail ghinearálta, go háirithe prionsabail na comhréireachta agus na neodrachta fioscaí, (breithiúnas an 15 Aibreán 2021, *Finanzamt für* Körperschaften Berlin, C-868/19, nár foilsíodh, EU:C:2021:285, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).

86 Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, dá bhrí sin, a fhíorú gurb ionann an ceanglas maidir le dearbhú clárúcháin roimh ré ó chomhaltaí an ghrúpa cánach leis an údarás cánach inniúil, atá leagtha amach i mír 4(5) de Chinneadh Uimh. 44/2004 ón Rialtas, agus beart riachtanach agus iomchuí chun críocha cleachtais nó iompar mí-úsáideach a chosc nó chun imghabháil nó seachaint cánach a chomhrac (féach, *mutatis mutandis*, breithiúnas an 15 Aibreán 2021, *Finanzamt für* Körperschaften Berlin, C-868/19, nár foilsíodh, EU:C:2021:285, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear).

87 Maidir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart a thabhairt faoi deara nach cosúil go bhfuil reachtaíocht náisiúnta, lena gceanglaítear ar chomhaltaí an ghrúpa cánach a bheith cláraithe leis an údarás cánach inniúil sula ndéantar idirbhearta inchánach, ag dul thar a bhfuil riachtanach chun cuspóir Airteagal 11 den Treoir maidir le CBL a bhaint amach, eadhon cleachtais mhí-úsáideacha nó iompar mí-úsáideach a chosc nó imghabháil nó seachaint cánach a chomhrac, sa mhéid is go gcuirtear ar chumas na n-údarás cánach léi an duine inchánach a shainaithint sula ndéantar na hidirbhearta sin, rud a éascaíonn an t-iniúchadh cánach.

88 Maidir le prionsabal na neodrachta fioscaí, a bhí beartaithe ag reachtas an Aontais, in ábhair a bhaineann le CBL, le prionsabal ginearálta na córa comhionainne a léiriú, cuirtear cosc leis, *inter alia*, ar dhéileáil le hoibreoirí eacnamaíocha a dhéanann na hidirbhearta céanna ar bhealach éagsúil i ndáil le bailiú CBL (féach, chuige sin, breithiúnais an 17 Nollaig 2020, WEG Tevesstraße,

C-449/19, EU:C:2020:1038, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear agus an 15 Aibreán 2021, Finanzamt für Körperschaften Berlin, C-868/19, nár foilsíodh, EU:C:2021:285, mír 65 agus an cásdlí dá dtagraítear).

89 Sa chás seo, is cosúil go bhfuil an dearbhú roimh ré ón ngrúpa cánach lena mbaineann don údarás cánach inniúil, arna fhorchur leis an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí, ag tagairt don údarás sin ag coinneáil cláir de dhaoine a bhfuil sé de cheangal orthu ioncam nó cáin chorparáide a íoc, agus mar sin ní féidir an ceanglas sin a léiriú mar cheanglas atá contrártha le prionsabal na neodrachta fioscaí.

90 Dá bhrí sin, fiú más ionann na forálacha den dlí náisiúnta dá dtagraítear i mír 83 thuas agus trasuí Airteagal 11 den Treoir maidir le CBL agus fiú i gcás go raibh na forálacha sin infheidhme maidir leis na páirtithe sa chonradh comhlachais atá i gceist sna príomhimeachtaí, ní chuirtear cosc le hAirteagal 11 ar chomhlachas den sórt sin, gan pearsantacht dhlítheanach agus nár cláraíodh leis an údarás cánach roimh na hidirbhearta lena mbaineann, tairbhe a bhaint as na forálacha sin.

91 I bhfianaise an méid sin roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Airteagal 9 agus Airteagal 11 den Treoir maidir le CBL a léiriú sa chiall nach féidir na páirtithe i gconradh comhlachais gan pearsantacht dhlítheanach, nach bhfuil cláraithe leis an údarás cánach inniúil roimh thús na gníomhaíochta eacnamaíche lena mbaineann, a mheas mar "dhaoine inchánach" in éineacht leis an duine inchánach a bhfuil sé de cheangal air an cháin a íoc ar an idirbheart inchánach.

An dara ceist

92 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá an Treoir maidir le CBL agus prionsabal na comhréireachta agus prionsabal na neodrachta fioscaí a léiriú sa chiall nach mór an ceart a thabhairt do dhuine inchánach, i gcás nach bhfuil sonrasc arna eisiúint ina ainm aige, CBL ionchuir arna híoc ag cuid eile de chomhlachas gan pearsantacht dhlítheanach a asbhaint chun críche gníomhaíocht eacnamaíoch an chomhlachais sin a bhaint amach.

93 De réir chásdlí socair na Cúirte, is bunphrionsabal den chomhchóras CBL é an ceart CBL a asbhaint, nach féidir, i bprionsabal, a theorannú, agus feidhmítear an ceart sin láithreach i ndáil leis na cánacha uile a ghearrtar ar idirbhearta ionchuir an duine inchánach (breithiúnas an 10 Feabhra 2022, Grundstücksgemeinschaft Kollaustraße 136, C-9/20, EU:C:2022:88, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

94 Tá sé beartaithe leis an gcóras seo faoiseamh iomlán a thabhairt don trádálaí ó ualach an CBL atá dlite nó a íoctar le linn a chuid gníomhaíochtaí eacnamaíocha go léir. Áirithítear leis an gcomhchóras CBL, dá bhrí sin, neodracht chánach na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha uile, is cuma cén cuspóir nó torthaí a bhíonn orthu, ar choinníoll go bhfuil siad féin faoi réir CBL, i bprionsabal (breithiúnas an 10 Feabhra 2022, Grundstücksgemeinschaft Kollaustraße 136, C-9/20, EU:C:2022:88, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

95 Faoi Airteagal 167 den Treoir maidir le CBL, cruthaítear an ceart asbhainte tráth a bheidh an cháin in-asbhainte ina cáin inmhuirearaithe. Leagtar amach in Airteagal 168(a) den Treoir sin na coinníollacha substainteacha nach mór a chomhlíonadh chun go dtiocfaidh an ceart chun cinn. Dá bhrí sin, chun tairbhe a bhaint as an gceart sin, is gá, ar an gcéad dul síos, gur duine inchánach é an duine lena mbaineann de réir bhrí na treorach sin agus, ar an dara dul síos, go mbaineann an duine inchánach úsáid aschuir as na hearraí nó na seirbhísí a agraítear mar bhonn

don cheart asbhainte chun críocha a idirbheart inchánach féin agus go soláthraíonn duine inchánach eile na hearraí nó na seirbhísí sin mar ionchur (breithiúnas an 21 Samhain 2018, Vădan, C-664/16, EU:C:2018:933, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

96 Maidir leis na coinníollacha foirmiúla don cheart asbhainte, is léir ó Airteagal 178(a) den Treoir maidir le CBL go bhfuil feidhmiú an chirt sin faoi réir sealbhú sonraisc arna dhréachtú i gcomhréir le hAirteagal 226 den Treoir sin (breithiúnas an 21 Samhain 2018, *Vădan*, C-664/16, EU:C:2018:933, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

97 Chinn an Chúirt go gceanglaítear le bunphrionsabal neodracht an CBL go gceadófar CBL ionchuir a asbhaint má chomhlíontar na ceanglais shubstainteacha, fiú más rud é gur theip ar na daoine inchánach roinnt coinníollacha foirmiúla a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ní féidir leis an údarás cánach an ceart chun CBL a asbhaint a dhiúltú ar an bhforas amháin nach gcomhlíonann sonrasc na coinníollacha a cheanglaítear le hAirteagal 226(6) agus (7) den Treoir maidir le CBL má tá an fhaisnéis is gá aige chun a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha substainteacha a bhaineann leis an gceart sin (breithiúnas an 21 Samhain 2018, Vădan, C-664/16, EU:C:2018:933, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

98 Dá bhrí sin, bheadh cur i bhfeidhm docht an cheanglais fhoirmiúil chun sonraisc a sholáthar contrártha le prionsabail na neodrachta agus na comhréireachta, sa mhéid go mbeadh sé d'éifeacht aige cosc díréireach a chur ar an duine inchánach tairbhe a bhaint as an neodracht fhioscach a bhaineann lena idirbhearta (breithiúnas an 21 Samhain 2018, Vădan, C-664/16, EU:C:2018:933, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

99 Mar sin féin, is faoin duine inchánach atá ag éileamh asbhaint CBL atá sé a shuí go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos chun tairbhe a bhaint as (breithiúnas an 21 Samhain 2018, Vădan, C-664/16, EU:C:2018:933, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

100 Dá bhrí sin, ceanglaítear ar an duine inchánach fianaise oibiachtúil a sholáthar gur sholáthair daoine inchánach earraí agus seirbhísí dó go hiarbhír chun críocha a idirbheart féin atá faoi réir CBL agus ar íoc sé CBL ina leith (breithiúnas an 21 Samhain 2018, Vădan, C-664/16, EU:C:2018:933, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

101 Sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir go sealbhaíonn BP agus MB, a bhí freagrach as tógáil an ollionaid foirgneamh atá i gceist sna príomhimeachtaí, sonraisc a tarraingíodh suas ina n-ainm le haghaidh na n-earraí agus na seirbhísí a fuarthas go pearsanta don idirbheart tógála sin, de réir bhrí Airteagal 168(a) agus Airteagal 178(a) den Treoir maidir le CBL, cé nach bhfuil ag ASA, a ghlac páirt sa chomhlachas trí sholáthar a dhéanamh in éineacht le PP, den talamh ar a dtógadh an t-ollionad foirgneamh sin, ach sonraisc arna dtarraingt suas ina ainm le haghaidh seirbhísí leictreachais agus admhálacha cánach a chuir sé isteach mar shonraisc a d'íoc BP.

102 I bhfianaise chásdlí na Cúirte a luaitear i míreanna 98 go 100 den bhreithiúnas seo, is faoi ASA atá sé fianaise oibiachtúil a chur ar fáil gur soláthraíodh earraí agus seirbhísí a bhaineann le tógáil an ollionaid foirgneamh atá i gceist sna príomhimeachtaí mar ionchur ó dhaoine inchánach chun críocha a idirbheart féin atá faoi réir CBL, eadhon soláthar maoine dochorraithe agus ar íoc sé CBL ina leith, agus é ag seachaint, dá dheasca sin, an riosca go ndéanfadh ASA agus BP agus MB araon an méid céanna CBL a asbhaint faoi dhó, ar chaoi a mbeadh ar neamhréir le prionsabal na neodrachta.

103 I bhfianaise an méid sin roimhe seo, is é an freagra ar an dara ceist ná nach mór an Treoir maidir le CBL agus prionsabal na comhréireachta agus prionsabal na neodrachta fioscaí a léiriú sa chiall nach bhforchuirtear oibleagáid leo ceart a dheonú do dhuine inchánach, i gcás nach bhfuil sonrasc aige ina ainm, chun CBL a asbhaint nuair a íocadh í mar ionchur ag cuid eile de chomhlachas gan pearsantacht dhlítheanach, d'fhonn ghníomhaíocht eacnamaíoch an chomhlachais sin a bhaint amach, fiú má tá an duine inchánach faoi dhliteanas i leith na gníomhaíochta sin, in éagmais fianaise oibiachtúil gur sholáthair daoine inchánach na hearraí agus na seirbhísí atá i gceist sna príomhimeachtaí dó go hiarbhír chun críocha a chuid idirbheart féin atá faoi réir CBL.

An tríú ceist

104 Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, i gcás freagra diúltach ar an dara ceist, an gcuirtear cosc le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla ar an duine inchánach atá faoi dhliteanas CBL comhpháirtithe eile atá i gconradh comhlachais a uamadh chun iallach a chur orthu CBL a íoc ar bhonn *pro rata* lena gcearta brabúis i gcomhréir leis an gconradh comhlachais sin?

105 I ndáil leis sin, is ceart a choinneáil i gcuimhne go gceanglaítear le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, atá ar cheann de phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, go mbeidh rialacha dlí soiléir, beacht agus intuartha maidir lena n-éifeachtaí, go háirithe i gcás ina bhféadfadh iarmhairtí díobhálacha a bheith acu do dhaoine aonair agus do ghnóthais, ionas go bhféadfaidh daoine aonair eolas a fháil, gan débhríocht, ar a gcearta agus ar a n-oibleagáidí agus bearta a dhéanamh dá réir sin (breithiúnas an 25 Eanáir 2022, VYSOČINA WIND, C-181/20, EU:C:2022:51, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

106 Ní mór prionsabal na deimhneachta dlíthiúla sin a urramú sa reachtaíocht náisiúnta a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais nó lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme (féach, chuige sin, ordú an 17 Iúil 2014, Yumer, C-505/13, nár foilsíodh, EU:C:2014:2129, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

107 Ní shuíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil caingean arna tionscnamh ag duine inchánach i gcoinne tríú páirtí chun críocha aisíoc CBL ionchuir a fháil, trí bhíthin iarraidh ar uamadh, ag teacht faoi raon feidhme dhlí an Aontais nó go gcuirtear chun feidhme dlí an Aontais chun feidhme léi, ós rud é gur faoin dlí náisiúnta amháin a rialaítear iarraidh ar uamadh den sórt sin.

108 Sna himthosca sin, in éagmais aon fhianaise chun tacú leis an gconclúid go bhfuil an Treoir maidir le CBL infheidhme maidir leis an gcás dá dtagraítear sa tríú ceist, níl an cheist sin inghlactha.

Costais

109 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Seachtú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 9 agus Airteagal 11 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní féidir na páirtithe i gconradh comhlachais gan pearsantacht dhlítheanach, nach bhfuil cláraithe leis an údarás cánach inniúil roimh thús na gníomhaíochta eacnamaíche lena mbaineann, a mheas mar "dhaoine inchánach" in éineacht leis an duine inchánach a bhfuil sé de cheangal air an cháin a íoc ar an idirbheart inchánach.

2. **Maidir le Treoir 2006/112 agus prionsabail na comhréireachta agus na neodrachta fioscaí**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní fhorchuirtear oibleagáid leo ceart a dheonú do dhuine inchánach, i gcás nach bhfuil sonrasc aige ina ainm, chun cáin bhreisluacha a asbhaint nuair a íocadh í mar ionchur ag cuid eile de chomhlachas gan pearsantacht dhlítheanach, d'fhonn ghníomhaíocht eacnamaíoch an chomhlachais sin a bhaint amach, fiú má tá an duine inchánach faoi dhliteanas i leith na gníomhaíochta sin, in éagmais fianaise oibiachtúil gur sholáthair daoine inchánach na hearraí agus na seirbhísí atá i gceist sna príomhimeachtaí dó go hiarbhír chun críocha a chuid idirbheart féin atá faoi réir cáin bhreisluacha.

Sínithe